

[12_04.mp3](#)

Téipscript **Bileog 12.4**

Téigh thar an ollmhargadh, feicfidh tú an pháirc ar chlé. Tóg an chéad chasadh ar dheis. Ansin tóg an dara casadh ar chlé. Tá mo charr ansin díreach in aice leis an séipéal.

[12_10.mp3](#)

Téipscript **Bileog 12.10**

1. Chuaigh mé síos an staighre go dtí an chistin.
2. Tá Pól amuigh sa ghairdín.
3. Féach ar an leanbh ag teacht anuas na céimeanna – titfidh sé!
4. Tar isteach nó beidh tú fuar.
5. Bhí Antain amuigh sa teach tábhairne aréir.
6. D'fhág mé mo chuid spéaclaí thuas ar an tseilf.
7. Téigh suas an staighre anois díreach go dtí an seomra leapa.
8. Tá an madra thíos san íoslach.
9. Gabh amach an doras sin – beimid deireanach!
10. Tá mé thuas staighre. Tar aníos.

[12_11.mp3](#)

Téipscript **Bileog 12.11**

Agallamh na Seachtaine – Éist leis an scéal spéisiúil atá ag Clár.

- Sinéad: Abair linn cad a tharla an tseachtain seo caite, a Chlár.
Clár: Lár na hoíche a bhí ann. Bhí mé féin agus m'fhear céile sa leaba thuas staighre. Chuala mé torann éigin istigh sa seomra suí agus an madra ag tafann. Bhí an madra faoi ghlas istigh ina theach beag féin amuigh sa ghairdín áfach. Dhúisigh mé m'fhear céile agus d'iarr mé air dul síos staighre le feiceáil an raibh duine ar bith ann.
- Sinéad: D'fhear céile bocht. An raibh sé sásta dul síos?
Clár: Ní raibh ar chor ar bith ach síos leis ar aon nós. Chuir mise glao ar na Gardaí. Ansin go tobann chuala mé gloine ag briseadh agus m'fhear céile ag screadaíl. Rith mé síos an staighre agus bhí m'fhear céile ag teacht aníos.
- Sinéad: Ar éalaigh siad?
Clár: D'éalaigh cinnte. Bhris siad an fhuinneog sa seomra suí agus léim siad amach an fhuinneog. Bhí siad amuigh agus imithe sula raibh seans ag m'fhear céile rud ar bith a dhéanamh.

[12_13.mp3](#)

Téipscript

Bileog 12.13

Máire: Hi a Mhamaí, seo Jan.
Máthair: Dia dhuit, a Jan, tá sé deas bualadh leat faoi dheireadh.
Jan: Dia is Muire dhuit! Tá sé deas bualadh leatsa chomh maith.
Máthair: An mbeidh cupán tae agaibh?
Máire: Beidh! Go hiontach!
Jan: Gabh mo leithscéal, cá bhfuil an leithreas?
Máthair: Tá sé ag barr an staighre, tá an staighre ag bun an halla ansin.
Jan: Go breá!

Téann Jan ar strae

Máire: Tá brón orm, a Jan, téann tú ar chlé ar dtús agus ansin feicfidh tú an staighre ag bun an halla.
Máthair: Fuair mé cat úr, an bhfaca tú é go fóill a Mháire?
Máire: Ní fhaca! Cá bhfuil sé?
Máthair: Tá sé amuigh ar chúl an tí ansin ar dheis.